***Parlaimint na hEorpa***
***2024-2029***

*An Coiste um Ghnóthaí Dlíthiúla*

**(10/2015)**[1]

24.6.2024

# FÓGRA DO NA FEISIRÍ

**Ábhar:** **Treoirlínte maidir le Riail 155 de na Rialacha Nós Imeachta a chur i bhfeidhm**

– ag féachaint do Riail 155 de na Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint d’Airteagail 263, 265, 267 agus 277 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

– ag féachaint d’Airteagail 23, 24, 40 agus 62a de Reacht na Cúirte Breithiúnais,

D’fhormheas an Coiste um Ghnóthaí Dlíthiúla na treoirlínte seo a leanas an 24 Feabhra 2015:

<u>Nós imeachta</u>

1. Do gach tréimhse 6 mhí, ceapfaidh an Coiste um Ghnóthaí Dlíthiúla buanrapóirtéir chun déileáil le díospóidí.

2. Coinneoidh an Rúnaíocht an buanrapóirtéir ar an eolas faoi gach ábhar a bhaineann le díospóidí. Féadfaidh an tSeirbhís Dlí nó coiste eile cásanna a tharraingt anuas, ach féadfaidh an Rúnaíocht a chinneadh freisin ábhar a chur faoi bhráid an bhuanrapóirtéara as a stuaim féin. Nuair a tharraingíonn coiste eile cásanna anuas, beidh tuairim ábhartha na Seirbhíse Dlí, ar dá bun a chinn an coiste sin a iarraidh a dhéanamh, ag gabháil leis an iarraidh ón gcoiste sin ar an gCoiste um Ghnóthaí Dlíthiúla moladh a eisiúint.

3. Déanfaidh an buanrapóirtéir a cinntí nó a chinntí ar bhonn nóta ón Rúnaíocht agus/nó

[1] Arna leasú go deireanach ag an gCoiste um Ghnóthaí Dlíthiúla an 26.5.2021.

ón tSeirbhís Dlí.

4. I ngach ábhar a bhaineann le díospóidí, vótálfaidh an coiste i seomra iata, ar bhonn mholadh an rapóirtéara. Féadfaidh aon chomhalta mínithe ó bhéal a iarraidh ar an tSeirbhís Dlí maidir le cás ar leith sula rachaidh an coiste ar aghaidh chun vóta a chaitheamh.

5. Sna cásanna nuair nach féidir an nós imeachta thuas a leanúint mar gheall ar an spriocdháta atá leagtha síos ag an gcúirt nó ag na Conarthaí, féadfar cinneadh a ghlacadh trí nós imeachta i scríbhinn. Ba cheart an t-ábhar a chur faoi bhráid an chéad chruinnithe coiste eile ansin lena dhaingniú nó eile.

6. I gcásanna práinneacha ina ngníomhaíonn Uachtarán na Parlaiminte ina aonar nó ina haonar, féadfaidh sé nó sí dul i gcomhairle le Cathaoirleach an Choiste um Ghnóthaí Dlíthiúla nó leis an mbuanrapóirtéir, ag brath ar cé acu atá ar fáil.

7. Agus moltaí agus cinntí á ndéanamh acu, cuirfidh an buanrapóirtéir agus an coiste na treoirlínte seo a leanas san áireamh.

<u>Caingne le haghaidh neamhniú</u>

8. Tá an Pharlaimint i dteideal caingean a thionscnamh chun gníomhartha dlíthiúla arna nglacadh ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí nó gníomhaireachtaí eile de chuid an Aontais agus atá beartaithe chun éifeachtaí dlíthiúla a bheith acu i leith tríú páirtithe a neamhniú ar fhorais a bhaineann le heaspa inniúlachta, le sárú ar cheanglas riachtanach nós imeachta, le sárú ar na Conarthaí nó ar aon riail dlí a bhaineann lena gcur i bhfeidhm, nó le mí-úsáid cumhachtaí.

9. Ba cheart don Pharlaimint, go háirithe, caingean a thionscnamh i gcás inar ghlac an Chomhairle gníomh go héagórach gan comhchinneadh a dhéanamh leis an bParlaimint, nó gan toiliú na Parlaiminte a iarraidh, de réir mar a cheanglaítear leis an mbunús dlí ábhartha. Tá feidhm ag an méid sin freisin i gcás nár chomhlíon an Chomhairle ceanglas riachtanach nós imeachta a raibh baint ag an bParlaimint leis, amhail comhairliúchán nó athchomhairliúchán, nó an Pharlaimint a choinneáil ar an eolas go cuí.

10. Ar an gcaoi chéanna, ba cheart don Pharlaimint caingean den sórt sin a thabhairt i gcoinne cinntí ón gCoimisiún nach gcomhlíonann tarmligean ábhartha na cumhachta reachtaí nó na cumhachta ábhartha chun gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh.

<u>Caingne a bhaineann le mainneachtain gníomhú</u>

11. Ba cheart don Pharlaimint caingean a thionscnamh mar gheall ar mhainneachtain gníomhú i gcás ina ndearnadh sárú soiléir ar oibleagáidí arna leagan síos i ngníomhartha arna nglacadh nó arna gcomhghlacadh ag an bParlaimint.

<u>Idirghabháil i gcaingne díreacha nach bhfuil an Pharlaimint ina páirtí iontu</u>

12. I gcás ina bhfuil bailíocht gnímh arna ghlacadh nó arna chomhghlacadh ag an bParlaimint i mbaol, ba cheart don Pharlaimint idirghabháil a dhéanamh chun an bhailíocht sin a chosaint.

13. Más rud é nach bhfuil bailíocht gnímh arna ghlacadh nó arna chomhghlacadh ag an bParlaimint i mbaol, níor cheart don Pharlaimint idirghabháil a dhéanamh, mura rud é go n-ardaíonn an cás saincheisteanna móra dlí atá ábhartha don Pharlaimint freisin.

14. I gcás ina nglactar gníomh le toiliú na Parlaiminte, áfach, féadfaidh an coiste cinneadh a dhéanamh ar bhonn cás ar chás go bhfuil údar maith le hidirghabháil chun bailíocht an ghnímh sin a chosaint.

15. Ba cheart don Pharlaimint idirghabháil a dhéanamh i gcaingean mar gheall ar mhainneachtain gníomhú i gcás ina ndearnadh sárú soiléir ar oibleagáidí arna leagan síos i ngníomhartha arna nglacadh nó arna gcomhghlacadh ag an bParlaimint.

Barúlacha a chur isteach in imeachtaí i gcomhair réamhrialú

16. I gcás ina bhfuil bailíocht gnímh arna ghlacadh nó arna chomhthoghadh ag an bParlaimint i mbaol, bíodh sé ina haonar nó i gcomhcheangal le ceist léirmhínithe, ba cheart don Pharlaimint barúlacha a chur isteach chun an bhailíocht sin a chosaint.

17. I gcás nach bhfuil i gceist ach léirmhíniú forála, níor cheart don Pharlaimint barúlacha a chur isteach.

Gníomhaíochtaí chun tacú le Feisirí Pharlaimint na hEorpa nó le baill foirne

18. Níor cheart don Pharlaimint idirghabháil a dhéanamh ná barúlacha a chur isteach chun tacú le leasanna Feisirí aonair de Pharlaimint na hEorpa ná le leasanna comhaltaí foirne mura rud é go bhfuil nasc soiléir ag an gcás leis an institiúid.

Gníomhaíochtaí ar mhaithe le saoránaigh phríobháideacha

19. Gan dochar do phointe 13, níor cheart don Pharlaimint aon ghníomhaíocht a dhéanamh chun tacú le leasanna saoránach príobháideach.

Barúlacha a chur isteach i nósanna imeachta eile

20. I gcás ina mbeidh an Chúirt Bhreithiúnais tar éis scríobh chuig an bParlaimint faoi Airteagal 24 dá reacht ag iarraidh faisnéise, faoi Airteagal 62a dá reacht ag tabhairt fógra don Pharlaimint faoi nós imeachta athbhreithnithe, nó faoi Airteagal 196(3) dá Rialacha Nós Imeachta ag tabhairt cuireadh don Pharlaimint barúlacha a chur isteach maidir le hiarraidh ar thuairim arna déanamh i gcomhréir le hAirteagal 218(11) CFAE, ba cheart don Pharlaimint freagairt i gcás ina ndéanfadh toradh an nós imeachta difear dá leasanna agus ina bhfuil seasamh soiléir institiúideach le sonrú aici.

Cuirtear na Treoirlínte seo in ionad aon treoirlínte agus fógraí roimhe seo a bhaineann le cur i bhfeidhm Riail 155.